# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Gnáthleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar Ealaín

**Déardaoin, 15 Meitheamh,    Tráthnóna, 2.00 – 4.30**

**TREORACHA**

- Freagair trí cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn 1 (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000 AD – go dtí an lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc. (50).

- Is cóir sceitsí agus léaráidí a úsáid pé áit ar féidir chun do chuid pointí a léiriú.

  Déan tagairt do na ***léaráidí atá ar an mbileog leis an bpáipéar seo*** mar is gá.

## ROINN 1 – AN EALAÍN IN ÉIRINN

**1.** Ainmnigh an suíomh réamh-Chríostaí atá ***léirithe ar an mbileog leis seo*** agus freagair **(a)**, **(b)** agus **(c)**.

**(a)** Cén fheidhm a bhí aige?
**(b)** Déan cur síos agus plé ar an gcaoi ar tógadh é.
**(c)** Déan cur síos agus plé ar an maisiúchán atá air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**2.** Tá Aireagal Ghallarais, i gContae Chiarraí, ina shampla d'fhoirgneamh luath-Chríostaí.
Freagair **(a)**, **(b)** agus **(c)**.
**(a)** Cén fheidhm a bhí aige?
**(b)** Déan cur síos ar an gcaoi ar tógadh é.
**(c)** Déan cur síos ar fhoirgneamh nó ar fhoirgnimh ar bith eile ón tréimhse chéanna a ndearna tú staidéar orthu.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**3.** Tá Cailís Ardach ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair **(a)**, **(b)** agus **(c)**.
**(a)** Cén fheidhm a bhí aici?
**(b)** Déan cur síos ar na hábhair agus ar na teicníochtaí a úsáideadh chun í a dhéanamh agus í a mhaisiú.
**(c)** Ainmnigh agus déan cur síos gearr ar phíosa miotalóireachta amháin eile ón tréimhse chéanna.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**4.** Déan cur síos agus plé ar fhoirgneamh Seoirseach ar bith de do rogha féin.
Úsáid na ceannteidil seo a leanas:
**(a)** Ainm an fhoirgnimh agus ainm an ailtire.
**(b)** Cuntas ar an bhfoirgneamh.
**(c)** Cur síos ar an maisiúchán atá air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**5.** Tá "Fir na Cinniúna" le Jack B. Yeats (1871–1957) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair **(a), (b)** agus **(c)**.
**(a)** Déan cur síos agus plé ar a chomhdhéanamh.
**(b)** Pléigh úsáid na ndathanna.
**(c)** Ainmnigh agus déan cur síos ar phictiúr ealaíne eile ina bhfuil fíoracha daonna a ndearna tú staidéar air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**6.** Tá an saothar dealbhóireachta poiblí 'Clann Lir' le hOisín Kelly (1915-1981) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair **(a)**, **(b)** agus **(c)**.
**(a)** Cad é ábhar an tsaothair seo, dar leat?
**(b)** Pléigh go mion an dearadh atá air.
**(c)** Ainmnigh agus déan cur síos ar shaothar dealbhóireachta poiblí amháin eile a ndearna tú staidéar air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**7.** Déan cur síos agus plé ar shaothar duine amháin de na healaíontóirí seo a leanas: **William Orpen, Paul Henry, Mainie Jellett, Seán Keating, Tony O'Malley, Edward Delaney, Eilis O'Connell.**
Úsáid sceitsí agus bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar/téamaí
- comhdhéanamh
- comhábhair agus teicníochtaí

agus
Ainmnigh saothar amháin le do rogha ealaíontóir agus déan cur síos gearr air.

*******************

## Roinn II - Ealaín na hEorpa

**8.** Roghnaigh séipéal Rómhánúil nó ardeaglais Ghotach a ndearna tú staidéar uirthi agus freagair **(a)**, **(b)** agus **(c)**.
**(a)** Ainmnigh agus déan cur síos ginearálta ar an séipéal/ardeaglais de do rogha.
**(b)** Tarraing sceitse agus déan cur síos ar ghné ailtireachta amháin ón séipéal/ardeaglais de do rogha.
**(c)** Tarraing sceitse agus déan cur síos ar phíosa maisiúcháin amháin ón séipéal/ardeaglais de do rogha.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**9.** Déan cur síos agus plé ar shaothar **amháin** le Michelangelo (1474-1564) **nó** le Raphael (1483-1520) faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh/dearadh
- meán a úsáideadh
- stíl

**agus**
Tabhair cuntas gearr ginearálta ar shaothar Michelangelo **nó** Raphael.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**10.** Pictiúr ealaíne an-drámata é 'Gabháil Chríost' le Caravaggio ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.***
Pléigh an ráiteas sin faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- solas/dorchadas
- comhdhéanamh
- gothaí coirp

Ainmnigh agus déan cur síos gearr ar phictiúr ealaíne eile le Caravaggio **nó** ar aon phictiúr reiligiúnach eile a ndearna tú staidéar air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**11.** Scríobh a oiread agus is féidir leat ar **cheann amháin** de na saothair ealaíne seo a leanas:
'Críost á chur ina luí' le Giotto (1266-1337)
'Breith Véineas' le Botticelli (1444-1510)
'An *Mona Lisa*' le Leonardo da Vinci (1452-1519)
'An Vaigín Féir' le John Constable (1776-1837)
'Beirt Rinceoirí Ballet i Seomra Feistis' le hEdgar Degas (1834-1917)
'Oíche Réaltógach' le Vincent Van Gogh (1853-1890)
Déan cur síos ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:
**(a)** Ábhar, comhdhéanamh agus dathanna.
**(b)** Luaigh cén fáth ar roghnaigh tú an saothar áirithe sin agus cén fáth ar suim leat é.
**(c)** Eolas ginearálta ar an ealaíontóir.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**12.** Tá 'Imprisean - Éirí na Gréine' le Claude Monet (1840-1926) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair **(a)**, **(b)** agus **(c)**.

**(a)** Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr ealaíne seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- comhdhéanamh
- dath/solas
- teicníocht

**(b)** Tabhair cuntas gearr ar shaothar Monet.

**(c)** Ainmnigh agus déan cur síos gearr ar phictiúr ealaíne amháin eile le Monet.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**13.** Pléigh saothar Henri Matisse (1869-1954) **nó** Pablo Picasso (1881-1973) **nó** Salvador Dali (1904-1989) faoi na ceannteidil seo a leanas:

**(a)** Ábhar agus na meáin a úsáideadh

**(b)** Comhdhéanamh agus úsáid dathanna

**(c)** Ainmnigh agus déan cur síos agus plé ar shaothar sonrach amháin leis an ealaíontóir atá roghnaithe agat.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

***************************

## Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**14.** Tabhair breac-chuntas ar do chuid smaointe maidir le leagan amach agus maisiú achar talún atá le húsáid do **cheann amháin** de na cuspóirí seo a leanas:
- spás i gcomhair grúpa réamhscolaíochta/grúpa spraoi
- spás maireachtála teaghlaigh
- do sheomra ranga

Bain feidhm as na ceannteidil seo a leanas chun cuidiú leat le do fhreagra:

**(a)** feidhm

**(b)** troscán agus feistis

**(c)** urlár

**(d)** soilsiú

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**15.** Tá iarrtha ort píosa dealbhóireachta a dhearadh do spás poiblí ar eastát tionsclaíochta **nó** do spás atá os cionn sráidbhaile iascaigh.
Tabhair breac-chuntas ar do smaointe maidir leis an dearadh faoi na ceannteidil seo a leanas:
- an téama agus an chaoi a mbaineann sé le suíomh na dealbhóireachta
- dearadh, méid agus cruth na dealbhóireachta
- na hábhair atá le húsáid

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**16.** Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna a leanfá agus saothar ceardaíochta de do rogha féin á dhearadh agus á dhéanamh agat,

**agus**

déan cur síos ar na cáilíochtaí a bheadh á lorg agat agus ceann díobh seo á cheannach agat:

- foireann mugaí
- brat balla baitíc
- earra bagáiste taistil

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**17.** Pléigh scannán ar bith a chonaic tú le déanaí. Déan cur síos ar an gcaoi ar chuir na teicníochtaí scannánaíochta leis an taitneamh a bhain tú as an scannán.

Úsáid na ceannteidil seo a leanas chun cuidiú leat i do fhreagra:

**(a)** láthair agus seiteanna scannáin
**(b)** soilsiú
**(c)** feisteas agus smideadh
**(d)** maisíochtaí speisialta
**(e)** obair cheamara.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**18.** Ainmnigh gailearaí ealaíne nó músaem ar thug tú cuairt air agus freagair **(a)** agus **(b)**.

**(a)** Déan cur síos ar leagan amach an ghailearaí/mhúsaeim agus ar an gcaoi a raibh na hearraí ar taispeáint ann.
**(b)** Déan cur síos agus plé ar earra amháin a bhí ar taispeáint ann agus ar chuir tú spéis ann.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**19.** Tá dhá shampla de sceanra léirithe ***ar an mbileog leis seo***.

Freagair **(a)**, **(b)** agus **(c)**.

**(a)** Cuir dearadh an dá cheann i gcomparáid lena chéile.
**(b)** Cad iad na tréithe ba chóir a bheith ag foireann sceanra?
**(c)** Mol dearadh ar fhoireann sceanra atá le húsáid ag naíonán nó chun campála lasmuigh.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**20.** Úsáideann siopaí málaí iompair mar mheán fógraíochta go minic.

Cad iad na gnéithe is cóir a chur san áireamh agus mála iompair á dhearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

- siopa spóirt agus fóillíochta
- siopa ceoil agus DVD
- siopa torthaí agus glasraí

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

****************************

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán